



An Vacsaín Fliú Sróine (LAIV) do pháistí idir 2 agus 17 mbliana d'aois

Eolas do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí 2025-2026

Sa phacáiste seo gheobhaidh tú eolas faoin vacsaín shrónach fliú. Léigh an t-eolas, le do thoil, comhlánaigh an fhoirm toilithe agus seol ar ais sa chlúdach litreach atá curtha ar fáil.

Moltar an vacsaín fliú do gach páiste 2-17 mbliana d'aois. Is vacsaín fliú sróine ar a dtugtar Fluenz an vacsaín atá á tairiscint do do pháiste. Tugtar Vacsaín Fliú Caolaithe Beo (LAIV) air freisin. Is vacsaín shábháilte agus éifeachtach í a thugtar mar sprae sróine.

Cad a gheobhaidh tú leis an mbileog eolais seo

- ▶ Eolas faoin vacsaín fliú sróine agus cén galar atá á chosc. Léigh an fhaisnéis seo go cúramach agus bain úsáid aisti chun na vacsaíní a phlé le do pháiste.
- ▶ Foirm thoilithe le haghaidh vacsaíniú.
 - o Comhlánaigh foirm thoilithe, le do thoil.
 - o Seol an fhoirm seo ar ais sa chlúdach litreach a cuireadh ar fáil sula gcuirtear tús leis na vacsaínithe.
 - o Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i mBLOCLITREACHA le peann agus ní mór don tuismitheoir nó don chaomhnóir dlíthiúil í a shíniú.

Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe

Ar lá an vacsaínithe, cinntigh go ndéanann do pháiste an méid seo a leanas:

- ▶ Itheann siad bricfeasta
- ▶ Tugann siad a gcárta taifid imdhíonta/pas imdhíonta leo chun na scoile, má tá a leithéid acu.

Déan teagmháil le foireann vacsaínithe FSS le do thoil roimh vacsaíniú a fháil do do pháiste má thagann aon athrú ar shláinte do pháiste.

Má thoiligh tú le vacsaíniú do pháiste, cuir do vacsaíneoir ar an eolas roimh dháta an vacsaínithe má tá feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas:

- ▶ má bhí cógais frithvíreasacha fliú acu sna 48 uair an chloig sula bhfuil a vacsaín dlite, mar níor cheart dóibh an vacsaín Fliú Sróine (LAIV) a fháil.
- ▶ má tá géarú asma ar do pháiste, lena n-áirítear méadú ar chársán agus/nó má bhí gá le hanálóirí breise sna 72 uair an chloig roimhe sin, níor chóir do do pháiste an vacsaín fliú sróine a fháil.
- ▶ má tá dáileog den vacsaín fliú faighte acu óna nDochtúir Ginearálta nó Cógaiseoir ó comhlánaíodh an fhoirm toilithe.
- ▶ má tá do pháiste tinn le fiabhras tobann (ba chóir moill a chur ar vacsaíniú go dtí go dtiocfaidh biseach orthu).

An bhfuil an dara dáileog ag teastáil ó do pháiste?

Mura bhfuair do pháiste vacsaín fliú riamh roimhe seo agus má tá siad faoi bhun 9 mbliana d'aois, b'fhéidir go mbeadh an dara dáileog den vacsaín fliú ag teastáil uathu má tá aon cheann de na fadhbanna sláinte seo a leanas orthu:

- ▶ Galar croí ainsealach, Galar duáin ainsealach, Galar ainsealach ae, Galar néareolaíoch ainsealach, Galar riospráide ainsealach
- ▶ Ailse
- ▶ Haemaglóibineapaití
- ▶ Diaibéiteas agus neamhoird meitibileach eile, lena n-áirítear neamhoird meitibileach oidhreacht
- ▶ Imdhíon-lagaithe mar gheall ar ghalar nó cóireáil
- ▶ Siondróm Down
- ▶ Neamhoird néarfhorbartha measartha go dian
- ▶ Innéacs corpmhaise ≥ 40 cileagram/m²
- ▶ Riochtaí tromchúiseacha meabhairshláinte

Is féidir le cleachtais dochtúra teaghlaigh nó cógaiseoirí rannpháirteacha an dara dáileog den vacsaín fliú sróine (LAIV) a thabhairt do do pháiste saor in aisce ceithre seachtaine ar a laghad tar éis a gcéad dáileog.

Tabhair cuairt ar www.hse.ie/flu le haghaidh tuilleadh eolais faoin vacsaín seo.